

Sprioc 2: Deireadh le hOcras Cúnamh Éireann agus Mhaláiv

Stór Focal

Focal	Cad is brí leis	Focail atá cosúil leis
Talamhiata	Is éard atá i gceist le tír thalamhiata ná tír gan chósta	
Maireachtáil	Teacht slán trí rud dúshlánach nó rud an-chrua	An fód a sheasamh, teacht tríd, seasamh
An tAthru Aeráide	Athrú ar phatrúin aeráide domhanda mar gheall ar mhéadú ar an méid dé-ocsaíde carbóin ó dhó breoslaí iontaise.	
Triomach	Tréimhse fhada gan aon bháisteach	
Ainsealach	Rud a bhíonn seasta ag tarlú, ar feadh i bhfad	Ag tarlú arís is arís, leanúnach
Ganntanas	Gan do dhóthain de rud a bheith agat	



Tá Cúnamh Éireann, clár Rialtas na hÉireann maidir le comhar forbartha thar lear, meáite ar dhomhan gan bhochtaineacht ná ocras a bhaint amach. Bíonn Cúnamh Éireann ag obair i ndlúthpháirt le rialtais san Afraic agus san Áise chun tacú le tíortha agus daoine i ngátar.

Ceann de na tíortha ina mbíonn Cúnamh Éireann ag obair is ea an Mhaláiv, tír bheag **thalamhiata** in oirdheisceart na hAfraice. Tá an Mhaláiv thart ar chomh mór le hÉirinn agus a leath arís!

Bíonn roinnt de mhuintir na Maláive ag brath go mór ar an bhfeirmeoireacht chun **maireachtáil**. Mar gheall ar an tionchar a imríonn imeachtaí adhaimsire arb é **an t-athru aeráide** is cúis leo, cosúil le **triomach** agus tuilte, tá an fheirmeoireacht éirithe an-deacair; níl dóthain bia ag fás. Bíonn **ganntanas ainsealach** bia sa Mhaláiv anois.



Tá clár Chúnamh Éireann, atá á reáchtáil ag Ambasáid na hÉireann sa Mhaláiv, ag obair le rialtas na Maláive chun cabhrú le feirmeoirí cur le fómhar na mbarr agus chun a chinntiú go mbíonn na cothaitheigh ag páistí a theastaíonn uathu ionas go bhfásfaidh siad agus go mbeidh sláinte mhaith acu. Chomh maith leis sin, tacaíonn Cúnamh Éireann leis an obair a dhéanann Concern Worldwide, carthanas a chloisfidh tú faoi san fhíseán Exploring Malawi. Ag obair dóibh as lámha a chéile, tá Cúnamh Éireann agus Concern ag troid in aghaidh an ocras ar domhan.